# Comhaontú Comhair idir an Coimisiún Riaracháin um chomhordú na gcóras slándála sóisialta agus an tÚdarás Eorpach Saothair

**An Coimisiún Riaracháin um chomhordú na gcóras slándála sóisialta**, arna ionadú chun críche an Chomhaontú Comhair seo a shíniú **ag Cathaoirleach an Choimisiúin Riaracháin**

**agus**

**an tÚdarás Eorpach Saothair**, arna ionadú chun an Comhaontú Comhair seo a shíniú **ag a Stiúrthóir Feidhmiúcháin.**

Dá dtagraítear ina n-aonar mar '**an Páirtí**' nó le chéile mar '**na Páirtithe**',

**Ag féachaint** do Rialachán (AE) 2019/1149 lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach Saothair (dá ngairfear anseo feasta: Rialachán 2019/1149)[1] chun cabhrú leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún Eorpach maidir leis an dlí de chuid an Aontais a bhaineann le soghluaisteacht an lucht saothair ar fud an Aontais a bheith á chur i bhfeidhm agus á fhorfheidhmiú acu go héifeachtach, agus maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta laistigh den Aontas;

**Ag féachaint** d'Airteagal 72 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú córas slándála sóisialta (dá ngairfear anseo feasta: Rialachán 883/2004)2, trína mbeidh an Coimisiún Riaracháin um chomhordú na gcóras slándála sóisialta (dá ngairfear anseo feasta: an AC) freagrach as déileáil le haon cheisteanna riaracháin nó ceisteanna léirmhínithe a eascraíonn as forálacha na 'Rialachán Comhordaithe'[3] nó aon chomhaontú nó socrú arna thabhairt i gcrích faoi;

**Ag féachaint** d'Airteagal 13(11) de Rialachán 2019/1149, trínar cheart, i réimse na hidirghabhála, don AC agus don Údarás Eorpach Saothair (dá ngairfear anseo feasta: an ELA) comhaontú comhair a bhunú chun dea-chomhar a áirithiú, chun na gníomhaíochtaí a chomhordú i gcomhaontú frithpháirteach agus chun dúbailt a sheachaint i gcásanna idirghabhála a bhaineann le saincheisteanna slándála sóisialta agus dlí saothair araon;

**Ag féachaint** d'Airteagal 14 de Rialachán 2019/1149, faoina mbeidh sé d'aidhm ag an ELA ina ghníomhaíochtaí uile comhar a áirithiú, forluí a sheachaint, sineirgí agus comhlántacht a chur

---

[1] Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 883/2004, (AE) Uimh. 492/2011, agus (AE) 2016/589 agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2016/344.

[2] Rialachán (CE) 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú córas slándála sóisialta

[3] Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena n-áirítear forálacha Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 574/72 ón gComhairle sa mhéid atá siad fós infheidhme, Rialachán (AE) Uimh. 1231/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 859/2003 ón gComhairle lena leathnaítear forálacha Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 agus Rialachán (CEE) Uimh. 574/72 do náisiúnaigh tríú tíortha nach bhfuil cumhdaithe cheana féin ag na Rialacháin seo ar fhorais a náisiúntachta amháin.

chun cinn le gníomhaireachtaí agus sainchomhlachtaí díláraithe eile de chuid an Aontais, amhail an AC;

**Ag féachaint** d’Airteagal 74a de Rialachán 883/2004, trína dtacóidh an ELA, gan dochar do chúraimí agus do ghníomhaíochtaí an AC, le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo i gcomhréir lena cúraimí a leagtar amach i Rialachán 2019/1149 agus comhoibreoidh an dá Pháirtí d’fhonn na gníomhaíochtaí a chomhordú trí chomhaontú frithpháirteach agus d’fhonn aon dúbailt a sheachaint. Chuige sin, tabharfaidh an AC comhaontú comhair i gcrích leis an ELA;

**Ag féachaint** do thaithí fhada an AC maidir le saincheisteanna a bhaineann le comhordú na gcóras slándála sóisialta;

**Cé go bhfuil gá leis an ELA agus an AC** comhoibriú go dlúth i réimse chomhordú na gcóras slándála sóisialta d’fhonn sineirgí a bhaint amach agus dúbailt a sheachaint;

**Tar éis comhaontú mar a leanas:**

## TEIDEAL I

## Forálacha Ginearálta

### Airteagal 1

### Cuspóir, sainmhínithe agus prionsabail ghinearálta

(1) Is é cuspóir an Chomhaontaithe Comhair seo idir an AC agus an ELA (dá ngairfear an Comhaontú Comhair anseo feasta) creat comhair a bhunú i réimse chomhordú na gcóras slándála sóisialta. Dá réir sin, tá sé mar aidhm aige na gníomhaíochtaí a chomhordú agus aon dúbailt a sheachaint ar bhealach ina gcuirtear san áireamh deighilt dhlíthiúil na n-inniúlachtaí idir an dá Pháirtí i réimse chomhordú na gcóras slándála sóisialta.

(2) Chun críche an Chomhaontaithe Comhair, beidh leis an téarma “comhordú na gcóras slándála sóisialta” an bhrí chéanna a shanntar dó leis na Rialacháin um Chomhordú.

(3) Agus an Comhaontú Comhair seo á chur i bhfeidhm, beidh mar threoir ag an dá Pháirtí na prionsabail a bhunaítear i Rialachán 2019/1149 agus sna Rialacháin um Chomhordú:

(a) Mar a leagtar síos i Rialachán 2019/1149, go háirithe Airteagal 1(2) de, cuideoidh an ELA leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún i gcur i bhfeidhm agus i bhforfheidhmiú éifeachtach dhlí an AE um shoghluaisteacht saothair, agus le comhordú na gcóras slándála sóisialta laistigh den AE.

(b) Mar a leagtar síos i Rialachán 883/2004, go háirithe Airteagal 72 de, áirítear ar chúraimí an AC déileáil leis na ceisteanna riaracháin go léir agus na ceisteanna léirmhínithe go léir a eascraíonn as na Rialacháin um Chomhordú, cur i bhfeidhm aonfhoirmeach a éascú, comhar a chothú agus a fhorbairt idir na Ballstáit, agus úsáid teicneolaíochtaí nua a spreagadh chun saorghluaiseacht daoine a éascú.

(c) Is é a thagann as míreanna (a) agus (b) go rachaidh an ELA i gcomhairle leis an AC agus, más gá, go ndéanfaidh sé tagairt dó aon uair a thabharfaidh sé aghaidh ar shaincheisteanna a chumhdaítear le hAirteagal 72 de Rialachán 883/2004.

(4) Agus an Comhaontú Comhair seo á chur i bhfeidhm, tá an ELA agus an AC tiomanta do phrionsabail an chomhair dhílis agus na muiníne frithpháirtí. Ina theannta sin, áiritheoidh siad cumarsáid éifeachtach lena chéile. I gcás nach dtagraítear do sprioc-amanna sonracha sa Chomhaontú Comhair seo, déanfaidh na páirtithe a ndícheall freagra a thabhairt ar cheisteanna a éireoidh ó cheachtar Páirtí maidir le hábhair a bhaineann leis an gComhaontú Comhair seo laistigh de thréimhse réasúnach ama agus féachfaidh siad lena chéile a choinneáil ar an eolas i gcás moilleanna maidir leis an bhfaisnéis iarrtha a sholáthar.

(5) Ina gcomhar le chéile, tabharfaidh na Páirtithe cúnamh dá chéile, ag oibriú le chéile agus ag atreisiú a chéile, agus na hinniúlachtaí atá luaite i mír (3) á n-urramú acu.

## TEIDEAL II

## Forálacha cothrománacha maidir le comhar i réimse chomhordú na gcóras slándála sóisialta

### Airteagal 2

### Raon feidhme an chomhair

Gan dochar do Theideal III lena ndéantar foráil maidir le nósanna imeachta agus bearta sonracha i gcás díospóidí idir Ballstáit, a d'fhéadfadh a bheith faoi réir idirghabhála, déileálann an Teideal seo le gach gné den chomhar cothrománach i réimse chomhordú na gcóras slándála sóisialta idir an AC agus an ELA.

### Airteagal 3

### Faisnéis fhrithpháirteach

D'fhonn cosaint a thabhairt don bhealach cumarsáide is fearr ar gach saincheist a bhaineann le comhordú na gcóras slándála sóisialta, aontaíonn an dá Pháirtí ar na bearta seo a leanas:

(a) Tabharfar cuireadh d'ionadaithe ELA chuig cruinnithe an AC, a Meithleacha agus aon chomhlacht eile arna mbunú ag an AC mar rannpháirtí speisialta, aon uair a bheidh saincheisteanna ar an gclár oibre, a bheidh ábhartha do shainordú agus do ghníomhaíochtaí an ELA, i gcomhréir le rialacha nós imeachta an AC.

(b) Tabharfar cuireadh d'ionadaithe an AC agus a Rúnaíocht chuig cruinnithe Bhord Bainistíochta ELA agus aon chomhlacht eile a chuirfear ar bun laistigh den ELA, aon uair a bheidh saincheisteanna ar an gclár oibre, a bheidh ábhartha do shainordú agus do ghníomhaíochtaí an AC, i gcomhréir le rialacha nós imeachta an Bhoird Bainistíochta nó an chomhlachta ábhartha.

(c) Arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, is é an Páirtí atá freagrach as an gcruinniú, a eagróidh cruinnithe ullmhúcháin roimh na cruinnithe nó na cruinnithe faisnéisithe tar éis na gcruinnithe a luaitear faoi phointe (a) agus (b).

(d) Aon uair a cheadóidh an Páirtí faoi seach iad, cuirfear taifid imeachtaí nó miontuairiscí na gcruinnithe a luaitear faoi phointí (a) agus (b) chuig an bPáirtí eile mar eolas.

(e) Féadfaidh na Páirtithe a mholadh go n-eagrófar ceardlanna comhpháirteacha ar bhonn tréimhsiúil, chun ábhair shonracha maidir le comhair agus leas coiteann a phlé, agus chun sineirgí agus comhlántacht a áirithiú ina ngníomhaíochtaí. Comhaontóidh na Páirtithe clár oibre na gceardlann sin go coitianta.

(f) Cuirfidh an AC agus an ELA a chéile ar an eolas maidir lena gcláir oibre bhliantúla a luaithe a ghlacfaidh an Páirtí faoi seach iad. Féadfaidh ceachtar Páirtí suim a léiriú ar ábhair agus gníomhaíochtaí sonracha agus, sa chás sin, comhaontóidh an dá Pháirtí ar bhealaí chun oibriú go coitianta ar na hábhair agus na gníomhaíochtaí sin.

(g) Féadfaidh na Páirtithe aontú comhthionscnaimh a sheoladh ar ábhair leasa choitinn i réimse chomhordú na gcóras slándála sóisialta, amhail anailísí, cláir oiliúna, staidéir, measúnú riosca, ceistneoirí, feachtais faisnéise, bailiú sonraí staidrimh, srl.

(h) Cuirfidh an AC an ELA ar an eolas faoi aon chinneadh ábhartha a dhéanfaidh sé maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm na Rialachán Comhordaithe. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil a luaithe a dhéanfar an cinneadh; i gcás Cinntí foirmiúla, Moltaí nó Conclúidí ón AC, déanfar iad seo tar éis don AC iad a ghlacadh, sula bhfoilseofar iad san IOAE. Cuirfear na téacsanna ábhartha ar fáil trí na pointí teagmhála aonair dá dtagraítear in Airteagal 5.

(i) Cuirfidh an ELA an AC ar an eolas faoi aon chinneadh ábhartha arna ghlacadh ag an mBord Bainistíochta, arna ghlacadh ar ábhair a thagann faoi raon feidhme an chomhair idir an AC agus an ELA a luaithe a dhéanfar na cinntí sin. Cuirfear na téacsanna ábhartha ar fáil trí na pointí teagmhála aonair dá dtagraítear in Airteagal 5.

(j) Arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, tarchuirfidh an Páirtí arna iarraidh sin dó, aon fhaisnéis nó téacs eile a d'fhéadfadh a bheith ina ábhar spéise don Pháirtí eile, agus nach mbeidh aon fhaisnéis rúnda nó íogair iontu.

(k) Féadfaidh an dá Pháirtí teacht ar chomhaontú maidir le bearta eile arb é is aidhm dóibh a gcomhar a fheabhsú i réimse chomhordú na gcóras slándála sóisialta.

**Airteagal 4**

**Stór faisnéise iomchuí**

(1) Comhaontóidh na Páirtithe le chéile ar an mbealach is fearr chun doiciméid a roinnt eatarthu. Féadfar a áireamh leis sin stór digiteach a bhunú ina mbeidh na doiciméid leasa choitinn go léir, a mbeidh rochtain ag an dá Pháirtí air.

(2) Beidh gach Páirtí freagrach as a dhoiciméid a choimeád cothrom le dáta.

**Airteagal 5**

**Teagmháil idir na Páirtithe**

(1) Déanfar teagmhálacha agus cumarsáid idir an dá Pháirtí i ngach gné de chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Comhair seo trí phointí teagmhála aonair (SPOC) a chuirfidh

Rúnaíochtaí na bPáirtithe faoi seach in iúl dóibh. Sna teagmhálacha sin, úsáidfear a mhéid is féidir modhanna leictreonacha cumarsáide. Cuirfidh na Rúnaíochtaí in iúl conas is féidir dul i dteagmháil leis an SPOC, roimh theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe seo.

(2) Cuirfidh na Páirtithe a chéile ar an eolas láithreach i gcás athruithe ar an SPOC.

(3) Cinnfidh gach Páirtí conas a SPOC a eagrú. Mar sin féin, is é an SPOC an t-aon phointe teagmhála idir na Páirtithe.

## TEIDEAL III

## Comhar i réimse na hidirghabhála nuair a bhaineann díospóid, go hiomlán nó go páirteach, le cúrsaí slándála sóisialta

### Caibidil 1

### Faisnéis ón ELA chuig an AC faoi dhíospóid a bhaineann, go hiomlán nó go páirteach, le cúrsaí slándála sóisialta, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 13(11) de Rialachán 2019/1149

#### Airteagal 6

#### An chéim ag a gcuirfidh an ELA an AC ar an eolas

(1) Nuair a tharchuirtear díospóid a bhaineann, go hiomlán nó go páirteach, le cúrsaí slándála sóisialta, chuig an ELA ó na Ballstáit go léir is páirtí sa díospóid, cuirfidh an ELA an AC ar an eolas roimh thús na chéad chéime den nós imeachta idirghabhála. Beidh an rud céanna i gceist i gcásanna ina molann ELA nós imeachta idirghabhála a sheoladh ar a tionscnamh féin, i gcomhréir le hAirteagal 13(2) de Rialachán 2019/1149, agus go n-aontaíonn na Ballstáit go léir is páirtí sa díospóid lena rannpháirtíocht.

(2) Mura bhfuarthas an tarchur dá dtagraítear sa chéad abairt de mhír 1 ó na Ballstáit go léir is páirtí sa díospóid, rachaidh ELA i dteagmháil leis an mBallstát/na Ballstáit nach ndearna an iarraidh, chun a dheimhniú nó cibé ar chomhaontaigh siad nó nár chomhaontaigh siad páirt a ghlacadh san idirghabháil. A luaithe a dheimhneoidh na Ballstáit go léir chomhaontaigh siad páirt a ghlacadh ann, cuirfidh an ELA an AC ar an eolas roimh thús na chéad chéime den nós imeachta idirghabhála. Nuair a chinneann Ballstát amháin nó níos mó gan a bheith rannpháirteach san idirghabháil, ní sheolfaidh an ELA an chéad chéim den idirghabháil, agus ní chuirfidh an ELA an AC ar an eolas.

(3) Cuirfidh an ELA an AC ar an eolas freisin tráth ar bith tar éis sheoladh an nós imeachta idirghabhála, má thugtar eilimintí nua isteach sa díospóid a bhaineann le slándáil shóisialta agus nár léiríodh nó nár doiciméadaíodh ar dtús iad. I gcás amhrais cibé an mbaineann nó nach mbaineann díospóid, go hiomlán nó go páirteach, le hábhair a bhaineann le slándáil shóisialta, cinnfidh an ELA agus an AC trí chomhaontú.

(4) Sna cásanna a luaitear i mír (1)-(3), ní sheolfaidh an ELA ná ní fhionróidh sé an nós imeachta ar an gcuid a bhaineann le cúrsaí slándála sóisialta go dtí go dtabharfaidh an AC a chinneadh don ELA cibé an n-iarrfaidh sé go ndéanfaí an díospóid a tharchur i gcomhréir le hAirteagal 8.

## Airteagal 7

### Modúlachtaí chun an fhaisnéis a sholáthar

(1) De bhun Airteagal 6, agus an AC á chur ar an eolas, déanfaidh an ELA an ráiteas mionsonraithe dá dtagraítear sna Rialacha Nós Imeachta maidir le hidirghabháil ELA agus i gcás inarb infheidhme, aon doiciméadacht eile a bhaineann le comhordú na gcóras slándála sóisialta a thíolacfaidh na Ballstáit a tharchur chuig an ELA. Féadfaidh an AC faisnéis bhreise a iarraidh go díreach ar na Ballstáit lena mbaineann, lena n-áirítear trína dtoscaireachtaí náisiúnta san AC. Cuirfear gach faisnéis a gheofar ar an mbealach sin ar aghaidh chuig an ELA, má leanann an próiseas idirghabhála ar aghaidh ansin.

(2) Má bhaineann an díospóid, go hiomlán nó go páirteach, le cúrsaí slándála sóisialta, cuirfidh an ELA in iúl do na Ballstáit uile is páirtí sa díospóid go ndéanfar an ráiteas mionsonraithe a tharchur chuig an AC. Ní dhéanfar faisnéis a áirítear sa ráiteas mionsonraithe agus nach mbaineann le comhordú na gcóras slándála sóisialta a tharchur chuig an AC.

(3) A luaithe a bheidh sé bunaithe, tabharfar rochtain don AC ar thaifead na ndíospóidí dá dtagraítear sna Rialacha Nós Imeachta maidir leis an idirghabháil den ELA. Ní bhainfidh an rochtain sin ach le díospóidí, nó le codanna díobh, a bhaineann go hiomlán nó go páirteach le cúrsaí slándála sóisialta.

## Caibidil 2

### Díospóid a tharchur chuig an AC, arna iarraidh sin don AC i gcomhréir le hAirteagal 13(11) an tríú fomhír de Rialachán 2019/1149

## Airteagal 8

### Spriocdháta agus an chéim ag a dtarlaíonn iarratas ar atreorú chuig an AC

(1) Féadfaidh an AC a iarraidh go ndéanfaí díospóid a tharchur roimh thús na chéad chéime den nós imeachta idirghabhála, mar a fhoráiltear in Airteagal 6(1), agus ag aon chéim eile le linn an nós imeachta nuair a chuirfidh an ELA é ar an eolas faoi Airteagal 6(3). De bhun Airteagal 13(11) de Rialachán 2019/1149, beidh an tarchur sin faoi réir chomhaontú na mBallstát uile is páirtí sa díospóid.

(2) Laistigh de 20 lá oibre ón bhfaisnéis ábhartha a fháil ón ELA mar a fhoráiltear in Airteagal 7(1), cuirfidh an AC an ELA ar an eolas maidir leis an méid seo a leanas:

(a) cibé a n-iarrann sé nó nach n-iarrann sé ar an ELA an díospóid maidir le slándáil shóisialta a tharchur chuig an AC, mar aon le bonn cirt agus dearbhú ina sonraítear comhaontú na mBallstát go léir is páirtí sa díospóid, an díospóid a bhaineann le slándáil shóisialta a tharchur chuig an AC; agus

(b) cibé an mbaineann nó nach mbaineann an díospóid le saincheist a bhaineann le léirmhíniú nua ar na Rialacháin um Chomhordú nár dhéileáil an AC leis, ná aon institiúidí amhail Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nó aon sainchomhlacht a

bhfuil dlí an Aontais de chúram air léirmhínithe den sórt sin a sholáthar, agus dá bhrí sin cibé an dtagann sé faoi inniúlacht eisiach an AC chun déileáil leis an tsaincheist sin i gcomhréir le hAirteagal 72 de Rialachán 883/2004.

(3) Cuirfidh an ELA na Ballstáit is páirtí sa díospóid ar an eolas faoin gcinneadh ón AC.

(4) I gcásanna, laistigh den sprioc-am atá sonraithe i mír (2), ina gcuireann an AC in iúl don ELA nach bhfuil sé ag iarraidh an díospóid a tharchur, rachaidh an ELA ar aghaidh le seoladh an nós imeachta idirghabhála i gcomhréir leis na Rialacha Nós Imeachta maidir le hidirghabháil den ELA.

(5) I gcásanna, laistigh den sprioc-am a leagtar síos i mír (2), nach gcuirfidh an AC an ELA ar an eolas maidir leis an díospóid a tharchur nó gan í a tharchur, cuirfear an nós imeachta ar fionraí, agus cuirfidh ELA na Ballstáit is páirtí sa díospóid ar an eolas dá réir sin. Sa chás sin, ní sheolfaidh an ELA an nós imeachta idirghabhála sula ndeimhneoidh an AC a chinneadh ar an gceist a shonraítear i mír (2)(b). Féachfaidh an AC le ELA a chur ar an eolas laistigh den sprioc-am i dtaobh an féidir leis an díospóid brath ar léirmhínithe a chuir Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nó aon sainchomhlacht ar cuireadh de chúram orthu i ndlí an Aontais na léirmhínithe sin a sholáthar, amhail an AC. Más amhlaidh an cás, rachaidh an ELA ar aghaidh le seoladh an nós imeachta idirghabhála.

(6) De bhun mhír (5), má dheimhníonn an AC go n-éilíonn an díospóid léirmhíniú nua ar na Rialacháin um Chomhordú, agus nach ndéanann an AC aon iarraidh go ndéanfaí an díospóid a tharchur laistigh den sprioc-am, ní sheolfaidh an ELA a nós imeachta idirghabhála go dtí go bhfaightear an cinneadh den AC ar an gceist seo. Cuirfidh an ELA na Ballstáit ar páirtí iontu an díospóid ar an eolas dá réir sin agus molfaidh siad go bhféadfaidh siad an cás a tharchur chuig an AC chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist shonrach dhlíthiúil sin sula bhféadfar nós imeachta idirghabhála ELA a sheoladh.

(7) Más rud é gur seoladh nós imeachta idirghabhála ELA de bhun mhíreanna (4) agus (5), agus mura dtugtar aon eilimint nua a bhaineann le slándáil shóisialta isteach sa díospóid, seachas na cinn a bhí soiléir agus doiciméadaithe ar dtús, agus a cuireadh in iúl don AC, ní iarrfaidh an AC ar an ELA an díospóid a tharchur ina dhiaidh sin. I gcásanna den sórt sin, leanfaidh an ELA d'idirghabháil a dhéanamh ar an díospóid, ach amháin má fhaigheann sé iarraidh ó aon Bhallstát is páirtí sa díospóid i gcomhréir leis an gceathrú fomhír d'Airteagal 13(11) de Rialachán 2019/1149.

## Caibidil 3

## Díospóid a tharchur chuig an AC, arna iarraidh sin do Bhallstát ar bith is páirtí sa díospóid i gcomhréir leis an gceathrú fomhír d'Airteagal 13(11) de Rialachán 2019/1149

### Airteagal 9

### Iarratas ó aon Bhallstát

(1) Féadfaidh aon Bhallstát is páirtí sa díospóid a iarraidh, ag aon chéim den idirghabháil, an tsaincheist a bhaineann le slándáil shóisialta a tharchur chuig an AC. Agus an iarraidh sin á fháil aige, ní sheolfaidh an ELA, nó i gcás inar seoladh an nós imeachta idirghabhála cheana féin, ní dhéanfaidh sé an nós imeachta maidir le slándáil shóisialta a chur ar fionraí. Déanfaidh ELA an tsaincheist maidir le slándáil shóisialta a tharchur chuig an AC i gcomhréir le hAirteagal 7, lena n-áirítear an ráiteas mionsonraithe agus aon

doiciméadacht ábhartha eile. Más infheidhme, seolfaidh an ELA a nós imeachta idirghabhála nó leanfaidh sé ar aghaidh leis na saincheisteanna sin amháin nach mbaineann le slándáil shóisialta. Cuirfidh an ELA na Ballstáit is páirtí sa díospóid ar an eolas dá réir sin.

(2) Ar an tarchur a fháil i gcomhréir le mír (1), déileálfaidh an AC leis an tsaincheist i gcomhréir lena rialacha féin. Más rud é go bhfuil an AC den tuairim gur fearr a oireann nós imeachta idirghabhála ELA, de bharr imthosca an cháis, do dhéileáil leis an díospóid, féadfaidh an AC a mholadh do na Ballstáit lena mbaineann an díospóid a tharchur ar ais chuig an ELA.

### Airteagal 10

### Easaontú ó aon Bhallstát is páirtí sa díospóid an tsaincheist a bhaineann le slándáil shóisialta a tharchur chuig an AC

(1) Mura n-aontaíonn aon cheann de na Ballstáit is páirtí sa díospóid an tsaincheist a bhaineann le slándáil shóisialta a tharchur chuig an AC, déanfaidh an ELA agus an AC an cás a mheasúnú agus comhaontóidh siad ar mholadh comhpháirteach neamhcheangailteach do na Ballstáit lena mbaineann, ag cur in iúl cén comhlacht a bheadh níos éifeachtaí chun déileáil leis an díospóid, agus na prionsabail ghinearálta a leagtar síos in Airteagal 1 á gcur san áireamh.

(2) Más rud é, tar éis an moladh comhpháirteach neamhcheangailteach a fháil, nach bhfuil comhaontú comhchoiteann fós ann idir na Ballstáit ar cheart an cás a tharchur chuige, agus i bhfianaise gur próiseas deonach é an idirghabháil agus an idir-réiteach araon, fanfaidh an cheist teibí taobh thiar den chás leis an AC a dhéileálfaidh leis an tsaincheist i gcomhréir lena rialacha féin.

## Caibidil 4

## Cásanna ina dtugtar díospóid faoi bhráid an ELA agus an AC

### Airteagal 11

### Roghanna réitithe díospóide

(1) I bprionsabal, féadfaidh Ballstáit is páirtí sa díospóid a bhaineann, go hiomlán nó go páirteach, le cúrsaí slándála sóisialta rogha a dhéanamh a ndíospóid a thabhairt faoi bhráid an ELA nó an AC. Seachnófar úsáid chomhuaineach nós imeachta idirghabhála an ELA agus nós imeachta idir-réitigh an AC chun an cás comhionann céanna a éisteacht.

(2)

(3) I gcás ina n-eascróidh cás den sórt sin, déanfaidh an ELA agus an AC an cás a mheasúnú agus comhaontóidh siad ar mholadh comhpháirteach neamhcheangailteach do na Ballstáit lena mbaineann, lena léireofar cén comhlacht a d’fhéadfadh a bheith níos éifeachtaí chun déileáil leis an díospóid, agus na prionsabail ghinearálta á gcur san áireamh atá leagtha síos in Airteagal 1.

(4) Más rud é, tar éis an moladh comhpháirteach neamhcheangailteach dá dtagraítear faoi mhír (2) a fháil, nach bhfuil aon chomhaontú comhchoiteann fós ann idir na Ballstáit ar cheart an cás a tharchur chuige, agus i bhfianaise gur próiseas deonach é an idirghabháil

agus an idir-réiteach, fanfaidh an cás leis an AC a dhéileálfaidh leis an tsaincheist i gcomhréir lena rialacha féin.

### Airteagal 12

### Neamh-inghlacthacht idir-réitigh nó idirghabhála i gcás, a bhí ina ábhar do thuairim neamhcheangailteach ag an AC nó ag an ELA

(1) I bprionsabal, ní bheidh díospóidí arna bpróiseáil ag an ELA nó ag an AC tar éis tuairim neamhcheangailteach a ghlacadh inghlactha faoi nós imeachta an Pháirtí eile maidir le díospóidí a réiteach. Ní bheidh feidhm ag an bhforáil seo ach amháin maidir leis na cásanna céanna nó na gnéithe céanna de chás.

(2) Ag deireadh an nós imeachta idirghabhála/idir-réitigh, cuirfear a thoradh in iúl don Pháirtí eile.

## TEIDEAL IV

## Forálacha Críochnaitheacha

### Airteagal 13

### Meastóireacht ar an gcomhar

Féachfaidh na Páirtithe le measúnú a dhéanamh ar bhonn riachtanas ar an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhair seo agus, más iomchuí, pléifidh siad an fhéidearthacht go ndéanfaí tuilleadh gníomhaíochtaí comhair agus leasuithe ar an gComhaontú Comhair seo.

### Airteagal 14

### Díospóidí a réiteach

Déanfar na díospóidí go léir a fhéadfaidh teacht chun cinn maidir le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Comhair seo a réiteach trí bhíthin comhairliúcháin agus caibidlíochta idir na Páirtithe.

### Airteagal 15

### Leasuithe agus forlíontaí

(1) Féadfar an Comhaontú Comhair seo a leasú tráth ar bith trí thoiliú frithpháirteach idir na Páirtithe. Ní mór na leasuithe agus na forlíontaí go léir a bheith i scríbhinn.

(2) Tiocfaidh an Comhaontú Comhair leasaithe i bhfeidhm ar an lá a chomhaontóidh an dá Pháirtí.

## Airteagal 16

## Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Comhaontú Comhair seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den séú mí tar éis a shínithe ag an ELA agus ag an AC, cibé acu is déanaí a tharlóidh.

| | |
|---|---|
| Thar ceann an Choimisiúin Riaracháin um chomhordú na gcóras slándála sóisialta: | Thar ceann an Údaráis Eorpaigh Saothair:<br><br>(ríomhshínithe) |
| GRETA METKA BARBO ŠKERBINC | MARIUS-COSMIN BOIANGIU |
| CATHAOIRLEACH AN CHOIMISIÚIN RIARACHÁIN | STIÚRTHÓIR FEIDHMIÚCHÁIN |
| Dáta: | |